

An raibh a fhios agat gurb í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil de chuid stát na hÉireann?

An raibh a fhios agat go bhfuil sé de cheart agat gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge le comhlachtaí stáit?

Is é an sprioc atá ag Acht na dTeangacha Oifigiúla ná cur le líon na seirbhísí agus le húsáid na Gaeilge sa státchóras.

An bhfuil sibh réidh leis an sprioc a bhaint amach?!

Is mise Seán. Ainm Gaeilge atá breá simplí, cheapfá. Ní aithníonn an córas ríomhaireachta an síneadh fada. Ní ‘Sean’ atá orm, ach Seán. Agus níl mé chomh sean sin. Ní chóir go gcuirfí sa suíomh sin mé agus is rud an-bhunúsach é go mbeadh d’ainm ceart ar cháipéisí oifigiúla. Ní hamháin sin, ach tá sé de cheart agam an Ghaeilge a úsáid os comhair na Cúirte, mo cháin bóthair a íoc, clárú le hInstitiúid Oideachais, mo phas a íoc, agus ba cheart go bhféadfainn é sin a dhéanamh gan dua, gan deacracht agus gan aon anró.

Úsáidtear an téarma ‘Gaeltacht’ chun na ceantair sin in Éirinn ina bhfuil, nó ina mbíodh go dtí le gairid, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag angcuid is mó den phobal.

Is teanga bheo nua-aimseartha í an Ghaeilge.

Tá pobail ilghnéitheacha bríomhara a bhfuil idir chainteoirí dúchais, foghlaimoirí agus nuafhoghlaimeoirí Gaeilge ina gcónaí iontu fud fad na tíre seo.

*So*, an rud atá i gceist le Pop-Up Gaeltacht ná oíche amuigh do na Gaeil, pobal na teanga anseo i mBaile Átha Cliath dúinne, ach dar ndóigh, tá sé scaipthe timpeall na cruinne. Tá níos mó Gaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath ná aon áit eile ar domhan agus bhí sé mar fheidhm ag Pop-Up Gaeltachtaí, iad a bhailiú le chéile, iad a chruinniú le chéile, sórt *bat signal* a chur in airde dóibh, agus iad a chruinniú le chéile in áiteanna nach mbailíonn siad de ghnáth, le taispeáint go bhfuil Gaeil anseo i mBaile Átha Cliath, go mbeidh an ghaeilge i lár an aonaigh, go bhfeicfear muid, go gcloisfear muid, go mbeimis ann. *So, yeah*, tá na Gaeil anseo. Tá siad anseo i mBaile Átha Cliath. Deirtear linn i gcónaí nach bhfuil Gaeil óg, uirbeacha ann, ach is léir anois gur ann dinn agus go bhfuileamar anseo. Beatha teanga í a labhairt agus tá cúpla céad duine anseo á labhairt agus tá sé go h-iontach.

Go deimhin, tá 1.76 milliún cainteoir Gaeilge sa stát, 74,000 acu sin a labhraíonn Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais go laethúil agus teagmháil rialta acu leis an stát. Cé mhéad acu sin a n-éiríonn leo gnó a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge?

Caithfear a chinntiú agus seirbhís dhátheangach ar fáil go mbeadh sé feiceálach agus go bhfuil sé soiléir go bhfuil seirbhís dhátheangach ar fáil. *Is seirbhís í seo a chaithfidh a bheith ar fáil go leanúnach agus is ceart go mbeadh an tseirbhís sa dá theanga ar chomh-chaighdeán.*

### ***Físeán: (3'19")***

*Cén chaoi ina bhfuil tú?...*

*Ta mé go maith, go raibh maith agat...*

*Tugann tú rogha don chustaiméir gnó a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge agus dá réir cruthaítear a thuilleadh éilimh ar sheirbhísí dátheangacha.*

### ***Físeán:***

*Oifigeach: Dia Dhuit...*

*Custaiméir: Dia is Muire duit...*

*Oifigeach: Tá tú ag iarraidh post nua a chlárú, an ea?*

*Custaiméir: Tá, sea.*

*Oifigeach: Go breá. Bhfuil uimhir chánach agat?*

*Custaiméir: Tá. Tá sé agam anseo.*

*Oifigeach: Go breá. Cuirfimid do chuid sonraí isteach anseo, agus déanfaimid é sin a chlárú anois.*

*Custaiméir: Go breá*

*Oifigeach: Go breá. Sin é anois. Tá tú cláraithe*

*Custaiméir: Bhí sé sin an-éasca. Go raibh míle maith agat.*

*Oifigeach: Fáilte romhat*

*Oifigeach: Slán*

*Custaiméir: Slán anois*

*Oifigeach: Slán*

Le pleanáil agus le polasaí earcaíochta is féidir é seo a bhaint amach. Daoine atá inniúil sa dá theanga a bheith ag obair sna háiteanna is mó teagmhála leis an bpobal.

***Físeán: (4'10")***

*Custaiméir: Hello...go dté mar atá tú?*

*Oifigeach: Go maith, go raibh maith agat, is tú féin?*

*Custaiméir: Iontach maith, go raibh maith agat*

An bhfuil sibh réidh le tabhairt faoi? An bhfuil muide, saoránaigh de chuid an stáit seo in ann láithreach agus úsáid na Gaeilge sa chóras poiblí a láidriú agus feacht i leith na teanga a bhisiú?

Is í ár dteanga í. Ná ligfeadh muid i léig ná i ndearmad í.

***Físeán: (4'31")***

Táimid chun leabhrín beag a léamh inniu, 'An Caitín a d'ith an Píotsa'.

Bhí caitín ann uair amháin, agus bhí gluaisrothar dearg aige. Honda 50 a bhí ann...

*Le reachtaíocht teanga láidir agus líon leordhóthanach foirne, a bhfuil Gaeilge ar a dtail acu, a bheith ag obair sna comhlachtaí poiblí, d'fhéadfadh an stát a chinntiú go bhfreastalaítear mar is ceart ar an bpobal teanga seo.*

***Físeán: (4'54")***

*Leabharlannaí: Dia Duit*

*Cailín óg: An bhfuil cead agam an leabhar a thógaint amach, más é do thoil é?*

*Oifigeach: Now, go raibh míle*

*Cailín óg: Go raibh maith agat*

Na déanaigí dearmad, áfach, gur féidir le comhlachtaí poiblí comhairle a lorg ó Oifig an Choimisinéara Teanga, agus chomh maith leis sin, gur féidir leis an bpobal gearán a dhéanamh linn.